# Cosaint Sonraí – Sainráiteas Príobháideachais
# Soláthar/Saineolaithe seachtracha

Baineann an ráiteas príobháideachais seo le próiseáil sonraí pearsanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ("ECA" nó "Cúirt") arna mbailiú i gcomhair nósanna imeachta soláthair agus gairmeacha ar shaineolaithe seachtracha. Déantar cur síos thíos ar an gcaoi a ndéanann an ECA do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

**<u>Cé atá freagrach as do shonraí a láimhseáil?</u>**
Tá na hoibríochtaí próiseála sonraí faoi chúram an oifigigh údarúcháin a shíníonn an cuireadh chun tairisceana, an ghairm ar léiriú spéise nó an cuireadh chun bheith páirteach i bpainéal saineolaithe.

**<u>Cén fáth a mbailímid do shonraí?</u>**
Déantar do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil tuilleadh d'fhonn saineolaithe nó nósanna imeachta soláthair a bhainistiú agus a riar ag an gCúirt. Ní dhéanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha eile seachas an chríoch sin lenar bailíodh iad. Sá chás go bhfuil aon phróiseáil bhreise beartaithe ar chuspóir eile seachas an chríoch lenar bailíodh na sonraí pearsanta, cuirfear faisnéis ar fáil duit faoin gcuspóir eile sin mar aon le faisnéis ábhartha eile a theastaíonn chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú.

**<u>Cad iad na rialacha lena rialaítear úsáid do shonraí?</u>**
Is é an bunús dlí don oibríocht phróiseála ná:

- Is é Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachta, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin an creat dlíthiúil i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil laistigh den Chúirt.
- Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (dá ngairtear "an Rialachán Airgeadais" anseo feasta), go háirithe Airteagail 160-179 i ndáil leis na nósanna imeachta soláthair agus Airteagail 237-238 i ndáil le saineolaithe a roghnú.

**<u>Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid?</u>**
Baineann sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear tuilleadh leis an saineolaí nó leis an bhfothairgeor agus lena bhfoireann nó a bhfochonraitheoirí (daoine nádúrtha). D'fhéadfaí faisnéis a bheith bainteach leis na sonraí seo a leanas:

- Sonraí aitheantais: céadainm, sloinne, uimhir phas, uimhir aitheantais, náisiúntacht;
- Feidhm;
- Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin ghnó, uimhir fhóin póca, uimhir fhacs, seoladh poist, cuideachta agus roinn, tír chónaithe, seoladh idirlín);
- Deimhnithe le haghaidh ranníocaí slándála sóisialta agus cánacha arna n-íoc, sliocht as taifid bhreithiúnacha;
- Sonraí airgeadais: tagairt an chuntais bhainc (ainm an bhainc, cóid IBAN agus BIC), uimhir CBL;
- Faisnéis i dtaca le critéir roghnúcháin nó critéir incháilitheachta a mheasúnú: saineolas, scileanna teicniúla agus teangacha, cúlra oideachais, taithí ghairmiúil, lena n-áirítear sonraí ar an bhfostaíocht reatha agus roimhe;

- Dearbhú ar bhriathar nach bhfuil siad i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagail 136 agus 141 den Rialachán Airgeadais;
- Sonraí eile a bhaineann leis an saineolaí nó leis an bhfothairgeoir agus a bhí soláthraithe acu sa chreat dá bhfreagairt ar an gcuireadh chun tairisceana, ar an ngairm ar léiriú spéise nó ar an gcuireadh chun bheith páirteach i bpainéal saineolaithe.

**<u>Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí agus cé dó a nochtfar iad?</u>**

Chun na gcríoch mionsonraithe thuas, tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta nó d'fhéadfaí rochtain a thabhairt ar do shonraí pearsanta do na daoine seo a leanas:

- baill foirne na Cúirte (an fhoireann soláthair agus baill foirne eile ar cuid den phainéal measúnaithe iad) nó baill na n-institiúidí, na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair sa chas de sholáthar idirinstitiúideach, mar aon le saineolaithe agus conraitheoirí seachtracha a oibríonn thar ceann na Cúirte d'fhonn an nós imeachta roghnúcháin saineolaithe, an nós imeachta soláthair agus an measúnú tairisceana a bhainistiú;
- daoine agus comhlachtaí a bhfuil cúram orthu faireachán, iniúchadh nó cigireacht a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh (e.g. iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, an Painéal um Mírialtachtaí Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán Airgeadais, an Painéal Eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise - OLAF).
- baill den phobal; má dhéanann an Chúirt conradh a dhámhachtain duit, cuirfear do shonraí pearsanta ar fáil go poiblí, i gcomhréir le hoibleagáid na Cúirte faisnéis a fhoilsiú maidir le toradh an nós imeachta soláthair agus tairbhithe cistí a thagann ó bhuiséad an Aontais (Airteagal 163 agus Airteagal 38(2) den Rialachán Airgeadais, faoi seach). Go sonrach, bainfidh an fhaisnéis le d'ainm agus do sheoladh, an tsuim a dámhadh agus cineál agus cuspóir na dámhachtana. Foilseofar é i bhforlíonadh S d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus/nó ar láithreán gréasáin na Cúirte.

D'fhéadfaí do shonraí pearsanta a aistriú chuig faighteoirí eile:

- más gá comhairle dhlí a fháil: Seirbhís Dlí ECA
- más gá aistriúchán a dhéanamh: Stiúrthóireacht Aistriúcháin ECA
- má chuireann tú gearán isteach: an tOmbudsman Eorpach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, Oifigeach Cosanta Sonraí ECA.

**<u>Conas a chosnaímid i gcoinne mí-úsáid fhéideartha á baint as do shonraí nó rochtain neamhúdaraithe á fáil ar do shonraí?</u>**

Déantar tacair shonraí a stóráil go slán i lárionad sonraí ECA, an Choimisiúin agus a sholáthraí seirbhíse i Lucsamburg agus sa Bheilg agus, dá bhrí sin, cumhdaítear iad leis na bearta iomadúla atá i bhfeidhm chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht shócmhainní leictreonacha na hinstitiúide a chosaint.

Tá rochtain ar shonraí pearsanta teoranta do ghrúpa sonrach úsáideoirí. Tugtar cearta rochtana ar bhonn riachtanas eolais, ag cur san áireamh ról, post agus freagrachtaí an úsáideora lena mbaineann. Tugtar na cearta sin cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a athraíonn tascanna na foirne.

Tá freagracht fhoriomlán ag Ard-Rúnaí ECA maidir le rialacha ar chearta rochtana a chur chun feidhme agus le comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí, ach d'fhág sé freagracht sna réimsí sin faoi eintitis éagsúla. Tá beartas slándála faisnéise ag an gCúirt, mar aon le hOifigeach Slándála Faisnéise a áirithíonn go gcuirtear an beartas chun feidhme i gceart agus go ndéantar na seiceálacha lena mbaineann a thástáil ar mhaithe le héifeachtúlacht.

**Cá fhad a choimeádfaimid do shonraí?**

Coimeádfar do shonraí pearsanta ar feadh 10 mbliana sa chóras cuntasaíochta sa chás go bhfuair tú aisíocaíochtaí costais agus ar feadh 7 mbliana tar éis don chonradh a shíniú ag an eintiteas soláthair agus ag an eintiteas a sheol an ghairm ar léiriú spéise, an cuireadh chun tairisceana nó an cuireadh chun bheith páirteach i bpainéal saineolaithe. Ní gá sonraí na bhfothairgeoirí nár éirigh leo a choimeád ach ar feadh 5 bliana tar éis don chonradh a shíniú. Nuair a bheidh na tréimhsí sin caite, déanfar na sonraí pearsanta uile a scriosadh.

**Cad iad na cearta atá agat?**

Tá na cearta a bhaineann le do shonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a bheith ceartaithe gan rómhoill mas rud é go bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán.

I gcúinsí áirithe, tá sé de cheart agat iarraidh orainn do shonraí pearsanta a scriosadh nó úsáid do shonraí pearsanta a shrianú. Nuair is infheidhme, tá sé de cheart agat cur i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, ag tráth ar bith, ar fhorais a bhaineann le do chás áirithe agus leis an gceart chun inaistritheacht sonraí.

Is féidir leat a iarraidh go gcuirimid in iúl, a mhéid is féidir, aon athruithe ar do shonraí pearsanta do pháirtithe eile lenar nochtadh do shonraí.

Déanfaimid d'iarratas a mheas, glacfaimid cinneadh agus cuirfimid é sin in iúl duit gan rómhoill, agus i gcás ar bith laistigh de mhí tar éis d’iarratas a fháil. Féadfar síneadh ama dhá mhí a chur leis an tréimhse sin nuair is gá.

Níl tú faoi réir chinntí uathoibrithe (arna ndearnadh ag meaisíní amháin), lena n-áirítear próifíliú, chun an ceart a fháil conradh a bheith dafa.

Is féidir do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis theagmhála thíos.

**Cé hé/hí an teagmhálaí sa chás go mbíonn ceist nó ábhar gearáin agat?**

Is é an rialaitheoir sonraí an chéad phointe teagmhála. Bain úsáid as an bhfaisnéis theagmhála a luadh sa ghairm ar léiriú spéise nó sa ghairm ar thairiscintí.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil, ag tráth ar bith, le hOifigeach Cosanta Sonraí ECA (ECA-Data-Protection(at)eca.europa.eu) má tá aon ábhar imní/ábhar gearáin agat i ndáil le próiseáil do shonraí pearsanta.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
An tOifigeach Cosanta Sonraí
12 rue Alcide de Gasperi
1615 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Tá sé de cheart agat gearán a chur isteach, ag tráth ar bith, leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (edps(at)edps.europa.eu) i ndáil le próiseáil do shonraí pearsanta.